Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10676/24**
**ADD 1**

| | |
|---|---|
| **SOC 422** | **JEUN 125** |
| **EMPL 243** | **STATIS 74** |
| **EDUC 199** | **ELARG 76** |
| **SAN 318** | **COMPET 618** |
| **ECOFIN 641** | **MI 575** |
| **GENDER 110** | **MAP 23** |
| **ANTIDISCRIM 94** | **DIGIT 153** |
| **FREMP 285** | **ENV 584** |
| **MIGR 260** | **IND 298** |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta<br>- *Formhuiniú*<br>- Ráiteas ó Éirinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó Éirinn maidir leis an ábhar thuasluaite.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Ráiteas ó Éirinn i ndáil le Dearbhú La Hulpe**

**maidir le todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**

Tacaíonn Éire go hiomlán le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena soláthraítear creat cuimsitheach de 20 prionsabal lena dtreoraítear beartais an Aontais agus beartais náisiúnta sna réimsí seo a leanas: comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; dálaí córa oibre; agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Tá Éire lántiomanta cur chun feidhme phrionsabail an Cholúin a neartú.

Cosnaíonn Bunreacht na hÉireann an ceart chun saoirse comhlachais in Airteagal 40.6.1°:

'Ráthaíonn an Stát saoirse chun na cearta seo a leanas a oibriú ach sin a bheith faoi réir oird is moráltachta poiblí:

…

iii. Ceart na saoránach chun comhlachais agus cumainn a bhunú. Ach is cead dlíthe a achtú chun oibriú an chirt réamhráite a rialú agus a stiúradh ar mhaithe leis an bpobal.'

Tá córas an chaidrimh thionsclaíoch in Éirinn deonach go bunúsach. Tá comhaontú ann ar gach taobh gurb é próiseas na cómhargála deonaí idir fostóir nó comhlachas fostóirí agus ceardchumann amháin nó níos mó, gan idirghabháil an Stáit, is fearr chun téarmaí agus coinníollacha maidir le fostú oibrithe a chinneadh.

Tá ról an Stáit sa chaidreamh tionsclaíoch teoranta den chuid is mó d'éascú an phróisis cómhargála trí institiúidí a bhunú leis an reachtaíocht chun cúnamh a thabhairt le réiteach díospóidí idir fostóirí agus oibrithe.